Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**11714/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0221 (NLE)**

| | |
|---|---|
| **COASI 117** | **AGRI 351** |
| **ASIE 55** | **TRANS 521** |
| **CFSP/PESC 1057** | **ENV 788** |
| **RELEX 1077** | **ENER 389** |
| **COHOM 86** | **ECOFIN 794** |
| **CONOP 70** | **EDUC 283** |
| **COTER 201** | **CULT 81** |
| **WTO 137** | **CLIMA 390** |
| **JAI 1081** | **MIGR 229** |
| **DEVGEN 159** | **ASEM 20** |

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Rialtas na Malaeisia, den pháirt eile |

**CINNEADH (AE) 2022/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais,**
**an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair**
**idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt,**
**agus Rialtas na Malaeisia, den pháirt eile**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 209, i gcomhar le hAirteagal 218(6), pointe (a)(iii) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do thoiliú ó Pharlaimint na hEorpa,[1]

---

[1] Toiliú an ...(nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2022/... ón gComhairle[1+], síníodh an Creat-Chomhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Rialtas na Malaeisia, den pháirt eile (an 'Comhaontú'), thar ceann an Aontais an …[++], faoi réir a thabhairt i gcrích tráth níos faide anonn.

(2) Is é cuspóir an Chomhaontaithe comhpháirtíocht neartaithe idir an tAontas agus an Mhalaeisia a bhunú agus comhar a dhoimhniú agus a fheabhsú maidir le saincheisteanna leasa fhrithpháirtigh, lena n-áirítear cearta an duine, neamhleathadh arm ollscriosta, comhrac na sceimhlitheoireachta, an comhrac in aghaidh an éillithe agus na coireachta eagraithe, trádáil, imirce, an comhshaol, fuinneamh, an t-athrú aeráide, iompar, eolaíocht agus teicneolaíocht, fostaíocht agus gnóthaí sóisialta, oideachas agus talmhaíocht.

(3) Is comhthuiscint idir na Páirtithe sa Chomhaontú é, de bhun Airteagal 58(1) den Chomhaontú agus i gcomhréir le Bunreacht Chónaidhme na Malaeisia, gur ceangal ar an Malaeisia ina hiomláine é fógra Rialtas na Malaeisia ina gcuireann sé a thoiliú in iúl a bheith faoi cheangal ag an gComhaontú.

(4) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Cinneadh (AE) 2022/... ón gComhairle an... maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chreat-Chomhaontaithe maidir le Comhpháirtíocht agus Comhar idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Rialtas na Malaeisia, den pháirt eile (IO L [...], [...], lch. [...]).

[+] IO: cuir isteach le do thoil tagairt don Chinneadh atá in ST 11715/22 agus comhlánaigh an fonóta comhfhreagrach.

[++] IO: cuir isteach, le do thoil, dáta sínithe an Chomhaontaithe atá i ndoiciméad ST 11732/22.

*Airteagal 1*

Déantar leis seo an Creat-Chomhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Rialtas na Malaeisia, den pháirt eile[1] (an 'Comhaontú'), a fhormheas thar ceann an Aontais.

*Airteagal 2*

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 58 den Chomhaontú.[2]

---

[1] Tá téacs an Chomhaontaithe foilsithe in IO L … [IO: cuir isteach le do thoil tagairt IO do ST 11732].

[2] Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Beidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ina chathaoirleach ar an gComhchoiste dá bhforáiltear in Airteagal 50(2) den Chomhaontú. Déanfar ionadaíocht ar an Aontas nó, de réir mar a bheidh, ar an Aontas agus ar na Ballstáit, sa Chomhchoiste, ag brath ar an ábhar.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*